Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11376/26**

**AGRI 560**
**AGRIORG 90**
**AGRIFIN 138**
**AGRISTR 38**
**ENV 921**
**POLCOM 275**
**VETER 115**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 576 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Straitéis an Aontais Eorpaigh um beostoc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 576 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 576 final

AN COIMISIÚN EORPACH

Strasbourg, 7.7.2026
COM(2026) 576 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

## Straitéis an Aontais Eorpaigh um beostoc

{SWD(2026) 576 final}

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Tá an fheirmeoireacht bheostoic ar cheann de na gníomhaíochtaí is ársa i stair an chine dhaonna. Ón uair a ceansaíodh ainmhithe den chéad uair breis agus 10.000 bliain ó shin, bhí ról lárnach aici i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch na sibhialtachtaí. I gcaitheamh na gcéadta blianta, ní hamháin gur cuid fhíor-riachtanach dár gcóras bia í an fheirmeoireacht bheostoic. Chothaigh sí slite maireachtála Eorpacha, leis, is cnámh droma í de gheilleagair thuaithe agus is gné shainiúil dár dtírdhreacha í.

San Eoraip inniu, is gníomhaíocht eacnamaíoch éagsúil chasta í an fheirmeoireacht bheostoic arb éard atá ann thart ar 40% de bhreisluach talmhaíochta an Aontais agus a ghineann EUR 400 billiún i láimhdeachas in aghaidh na bliana. Tá tionchar láidir sóisialta agus críochach aige: fostaítear thart ar 7 milliún duine ann agus braitheann sé ar 4 mhilliún feirm atá scaipthe ar fud gheografaíocht iomlán na hEorpa, go minic i gceantair nach bhfuil mórán gníomhaíochtaí eacnamaíocha malartacha iontu. Ó na féarthailte Alpacha go réigiúin teorann an Oirthir, ó na ceantair Artacha go dtí na dehesas Theas agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas chomh maith le hoileáin na Meánmhara, tá beostoc de dhíth ar cheantair thuaithe na hEorpa chun go mairfidh siad. I bhfianaise thábhacht a róil ríthábhachtach maidir leis an daonra a choinneáil i gceantair thuaithe agus lena mbeogacht eacnamaíoch, cuireann sé go mór le cuspóirí slándála agus ullmhachta an Aontais. Tá baol mór ann go dtréigfear an talamh le cliathán theorainn Oirthear na hEorpa, mar aon le laghdú mear ar líon an bheostoic, rud a laghdaíonn tuilleadh athléimneacht na réigiún sin chun freagairt do rioscaí géarchéime agus slándála([1]) .

Tá ról ríthábhachtach ag earnáil feirmeoireachta beostoic an Aontais maidir le rannchuidiú leis an tslándáil bia trí phróitéin ardcháilíochta a chur ar fáil, ní hamháin san Aontas ach ar an leibhéal domhanda freisin, le comhardú trádála dearfach san Aontas agus éileamh méadaitheach ar tháirgí an Aontais a bhuí le caighdeáin, cáilíocht agus inbhuanaitheacht atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ([2]) , a chumasaíonn dóibh bratach bharr feabhais na hEorpa a iompar trasna an domhain.

Mar phríomhearnáil straitéiseach d'iomaíochas agus d'uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, leagtar amach sa straitéis seo gníomhaíochtaí chun dul i ngleic lena leochailteachtaí atá ann cheana agus a uathléimneacht a mhéadú i ndomhan ina bhfuil an iomaíocht mhargaidh ag fás. An tráth céanna, ní mór don earnáil freagairt níos fearr a thabhairt ar ionchais mhéadaitheacha na sochaí, go háirithe maidir le leas ainmhithe, a lorg comhshaoil a thiontú ina sheachtrachtaí dearfacha agus a daingniú críochach a neartú. Le feabhsuithe ar chomhtháthú an bhiashlabhra agus cur chuige ciorclach iomlán a ghlacadh, d'fhéadfaí luach a chur ar na seachtháirgí agus ar an mbithmhais uile chun ioncam breise a ghiniúint d'fheirmeoirí, agus lorg carbóin an táirgthe beostoic á laghdú an tráth céanna.

---

([1]) Teachtaireacht maidir le réigiúin teorainn an Aontais i dteorainn leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin COM(2026) 82 final

([2]) Meastar fós go bhfásfaidh tomhaltas feola ar fud an domhain mar gheall ar fhás tapa daonra agus ioncaim. Is príomhthrádálaí domhanda é an tAontas i dtáirgí ainmhithe. In 2025, d'onnmhairigh an tAontas táirgí ainmhithe dar luach EUR 53 bhilliún, agus b'ionann allmhairí agus EUR 16 bhilliún. Tá táirgí déiríochta chun tosaigh: sa bhliain 2025 bhí luach EUR 20.7 billiún orthu le barrachas trádála glan de EUR 18 billiún. Tá iarmhéid trádála an Aontais i dtáirgí ainmhithe dearfach le deich mbliana anuas.

Mar a fógraíodh san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia([3]) , tá straitéis fhadtéarmach tuillte ag earnáil beostoic an Aontais lena n-urramaítear éagsúlacht agus sainiúlachtaí an táirgthe beostoic ar fud na hEorpa. Beidh an t-aistriú leanúnach i dtreo earnáil beostoic athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe san Aontas ríthábhachtach chun bánú sna críocha is leochailí a chomhrac agus cur an tráth céanna leis an sprioc neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Beidh aistriú den sórt sin i measc chuspóirí an CBT i ndiaidh 2027 freisin agus cuirfidh sé dlús le cur i bhfeidhm na Straitéise Athnuachana ó Ghlúin go Glúin ([4]) , Straitéis Bithgheilleagair AE ([5]) , an plean gníomhaíochta nua tuaithe atá le teacht go luath ([6]) , an Plean Gníomhaíochta um Leasacháin ([7]) agus an chumarsáidi maidir le bainistíochta an riosca falscaithe([8]) . Ar an leibhéal idirnáisiúnta, téann an Coimisiún i dteagmháil le comhlachtaí iltaobhacha chun ailíniú a lorg i gcaighdeáin idirnáisiúnta, go háirithe FAO faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta Dhomhanda maidir le Beostoc Inbhuanaithe.

Chun inmharthanacht fhadtéarmach earnáil beostoic an Aontais a áirithiú, tá gá le straitéis chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo **córas beostoic athléimneach** a sheasfaidh an ghéarchéim agus atá níos oiriúnaí don strus aeráide,
- A **iomaíochas** a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda,
- Féachaint chuige go seasfaidh an earnáil an aimsir trí **dhálaí leasa ainmhithe a neartú** agus **a lorg aeráide agus comhshaoil a íoslaghdú**,
- A áirithiú go leanfaidh córais táirgthe beostoic de bheith **ag teacht le saintréithe uathúla na réigiún éagsúil**, de gheilleagair agus traidisiúin tuaithe a chothú ar fud na hEorpa agus de rannchuidiú lena mbithéagsúlacht shaibhir a choinneáil ar bun,
- **Barr feabhais** i dtáirgeadh beostoic a chothú mar chur chuige Eorpach ar leith i leith feirmeoireacht beostoic atá aitheanta agus luachmhar ag tomhaltóirí, go háirithe maidir le leas ainmhithe.

Cuireann an straitéis le rannpháirtíocht fhairsing na bpáirtithe leasmhara, arna leagan amach ag an Sruth Oibre Beostoic, lena n-áirítear níos mó ná bliain amháin d'idirphlé leis na Ballstáit, le feirmeoirí, le hionadaithe tionscail, agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear an Bord Eorpach um an Talmhaíocht agus Bia. Tá plean próitéine ag gabháil leis chun córas próitéine an Aontais a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Sa Teachtaireacht seo, atá bunaithe ar dhiagnóisiú láidreachtaí agus laigí na hearnála a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi, cuirtear san áireamh ann tuarascáil tionscnaimh Pharlaimint na hEorpa féin dar teideal '*Conas todhchaí inbhuanaithe a áirithiú d'earnáil beostoic an Aontais i bhfianaise an ghá*

([3]) Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia: Earnáil feirmeoireachta agus bia de chuid an Aontais atá tarraingteach a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglún atá le teacht, COM/2025/75 final

([4]) Straitéis maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht, COM(2025) 872 final

([5]) Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas, COM(2025) 960 final

([6]) Athbhreithniú ar phlean gníomhaíochta tuaithe an Aontais a ghabhann leis an doiciméad Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal The long-term vision for the EU's rural areas: na príomhrudaí atá bainte amach agus bealaí chun cinn, SWD/2024/451 final

([7]) Plean Gníomhaíochta um Leasacháin: Comhpháirtíocht chun infhaighteacht, inacmhainneacht agus uathriail straitéiseach a áirithiú i leasacháin dhúchasacha an Aontais, COM (2026) 310 final

([8]) Teachtaireacht maidir le bainistiú comhtháite riosca falscaithe, COM (2026) 330 final

*atá ann slándáil bia, athléimneacht feirmeoirí agus na ndúshlán a bhaineann le galair ainmhithe a áirithiú?'* ([9]).

## 2. Earnáil beostoic an Aontais sa lá atá inniu ann

### 2.1. Dúshláin agus deiseanna

Tá earnáil beostoic an Aontais ag dul i ngleic le meascán de bhrúnna struchtúracha agus brúnna ó lá go lá. Tá an brú sin ag cur cheana féin le scor den fheirmeoireacht i roinnt réigiún, go háirithe in eallach, i gcaora agus i ngabhair, agus is cúis imní é maidir le leanúnachas fadtéarmach gníomhaíochta beostoic i gcodanna den Aontas. Mar shampla, chaill an Fhrainc 16% dá daonra bó-ainmhithe le 10 mbliana anuas agus, le linn na tréimhse céanna, chaill an Ghearmáin 22 % dá daonra muc.

Dúshlán lárnach is ea an **bhrabúsacht**. Leanann costais arda ionchuir, luaineacht an mhargaidh, agus neamhchosaint ar luaineachtaí praghsanna i mbeatha agus i bhfuinneamh de chorrlaigh a chomhbhrú. An tráth céanna, d'fhéadfadh comhlíonadh ardchaighdeáin an Aontais is gá chun leas ainmhithe, sábháilteacht bia, cosaint na haeráide agus an chomhshaoil a chosaint costais táirgthe a ghiniúint nach léirítear i gcónaí i bpraghsanna an mhargaidh. Tá cumhacht mhargála lag ag feirmeoirí freisin i leith na gceannaitheoirí.

Tá dúshláin inbhuanaitheachta roimh earnáil beostoic an Aontais freisin. Is foinse mhór astaíochtaí gás ceaptha teasa talmhaíochta, amóinia agus truailliú cothaitheach í, rud a dhéanann difear don aeráid, don aer, do cháilíocht an uisce agus don bhithéagsúlacht. Tá astaíochtaí ag laghdú go comhsheasmhach ach go mall. Cruthaíonn comhchruinniú an táirgthe beostoic i roinnt limistéar san Aontas míchothromaíochtaí cothaitheach, rud a fhágann go mbíonn truailliú cothaitheach ann. An tráth céanna, tá féaránaigh fhairsinge fíor-riachtanach chun féarthailte a choinneáil ar bun a thacaíonn leis an mbithéagsúlacht, le bithábhair thuaithe, chun an dúlra a chaomhnú agus chun cuidiú le tréigean talún agus bánú na gceantar tuaithe a chosc.

Déanann roinnt **leochaileachtaí struchtúracha** ionchas na hearnála a mhúnlú a thuilleadh. Daonra feirmeoireachta atá ag dul in aois, athnuachan glúine neamhleor, ganntanais lucht saothair — lena n-áirítear i seirbhísí tréidliachta tuaithe — agus dálaí oibre, cuireann siad a acmhainneacht amach anseo i mbaol. Déanann tionchar an athraithe aeráide agus ráigeanna galar ainmhithe difear do thorthaí eacnamaíocha.

Ní mór do thodhchaí earnáil beostoic an Aontais tógáil ar na láidreachtaí agus na deiseanna tábhachtacha atá aici. Tá earnáil beostoic an Aontais fréamhaithe sa traidisiún ach tá nuálaíocht agus fiontraíocht mar bhonn taca léi. Cuireann éagsúlacht na gcóras táirgthe, na speiceas agus na gcríoch leis an athléimneacht agus leis an inoiriúnaitheacht. Le hardchaighdeáin an Aontais, neartaítear muinín tomhaltóirí agus cumasaítear suíomh láidir i margaí préimhe. I roinnt earnálacha, tacaíonn córais táirgthe éifeachtúla, ardseirbhísí tréidliachta agus slabhraí soláthair dea-fhorbartha le táirgiúlacht agus feidhmíocht onnmhairiúcháin. Tá nuálaíocht agus glacadh cuir chuige bithgheilleagair chiorclaigh ag cur feabhais ar na torthaí iomaíochais agus comhshaoil araon. Níos mó agus níos mó, ní hamháin gur táirgeoirí bia iad feirmeoirí, ach is caomhnóirí an dúlra, soláthraithe lóistín turasóireachta iad, agus 'feirmeoirí fuinnimh', a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite chun

---

([9]) 2025/2053(INI)

críoch feirme agus i mórán cásanna le haghaidh tomhaltas níos leithne, rud a laghdaíonn spleáchais an Aontais ar roghanna malartacha iontaise-bhunaithe.

## 3. AN STRAITÉIS

Ní mór d'Aontas 2040 a bheith ina áit ina mairfidh feirmeoireacht beostoic inbhuanaithe ní hamháin ach ina mbeidh rath uirthi.

Ní mór tacú leis an earnáil trí chreat beartais comhleanúnach atá simplí, intuartha agus lena gcuirtear réaltachtaí feirmeoireachta san áireamh. Sa chéad chlárthréimhse eile agus gan dochar don chaibidlíocht leanúnach maidir le CAI, leanfaidh CBT de bheith ina phríomhcholún tacaíochta, d'ioncam, d'infheistíochtaí agus do dhreasachtaí araon, laistigh de na pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a bheidh ann amach anseo agus arna gcomhlánú leis an gClár Fís Eorpach ([10]) atá beartaithe agus leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) ([11]) atá beartaithe chun nuálaíocht a spreagadh.

**Leis an straitéis sin, tugtar treoir fhadtéarmach d'iomaíochas agus d'inbhuanaitheacht na hearnála, i gcomhthéacs ullmhacht mhéadaithe.** Is ionann é agus pointí gníomhaíochta oibríochtúla ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal na bpáirtithe leasmhara, agus béim á leagan ar réitigh chríochacha spriocdhírithe atá curtha in oiriúint do chórais táirgthe agus do réigiúin éagsúla, agus cur chuige iomlánaíoch, comhleanúnach agus trasbheartais á ghlacadh.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an **sruth oibre beostoic** a choinneáil mar fhóram chun tionscnaimh áirithe a shainaithnítear thíos a phlé agus a fhorbairt a thuilleadh, ós rud é gur bealach cuimsitheach é chun an Straitéis a chur i gcrích.

### 3.1. Earnáil beostoic athléimneach atá in ann géarchéim a sheasamh

**Tá córas beostoic athléimneach fíor-riachtanach le haghaidh shlándáil bia, uathriail straitéiseach agus bheocht tuaithe an Aontais.** Ciallaíonn athléimneacht níos mó ná an acmhainneacht téarnaimh tar éis turrainge. Ciallaíonn sé freisin a bheith in ann rioscaí a réamh-mheas, leochaileachtaí a laghdú, oiriúnú d'athruithe struchtúracha agus leanúint de bhia sábháilte, inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar faoi dhálaí atá ag éirí níos deacra. I gcás earnáil an bheostoic, is tosaíocht phráinneach é sin anois. Tá brú méadaitheach ar tháirgeoirí ó mhargaí luaineacha, ionchur méadaitheach agus costais sheasta, an t-athrú aeráide, ganntanas uisce, galair ainmhithe, ganntanas lucht saothair agus easpa oibrithe oilte, éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus iomaíocht dhomhanda éagórach. Dá bhrí sin, tá gá le hearnáil níos láidre agus níos athléimní chun slite beatha feirmeoirí a chosaint agus chun cumas táirgthe an Aontais a chaomhnú.

**Is é an chéad tosaíocht an creat bainistithe riosca a neartú.** Teastaíonn rochtain níos fearr ó fheirmeoirí beostoic ar mhaoiniú, árachas, atháráchas, cistí frithpháirteacha agus

([10]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, don Tréimhse 2028- 2034, a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695, COM/2025/543 final

([11]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an Clár Sonrach um Ghníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta um Chosaint, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear Forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE), COM/2025/555 final

uirlisí cobhsaithe ioncaim lena léirítear rioscaí sonracha na hearnála, lena n-áirítear teagmhais aeráide, suaitheadh sa mhargadh agus galair ainmhithe. Leis an mbeartas a bheidh ann amach anseo, ba cheart feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir bainistiú riosca agus bainistiú géarchéime ionas nach gcuirfear tacaíocht éigeandála in ionad na hullmhachta ach go gcomhlánóidh sí í.

Sa chomhthéacs seo, tá an réamhobair á déanamh ag an gCoimisiún le hinstitiúidí airgeadais, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta, chun a fhiosrú an bhféadfaí **scéim airgeadais thiomnaithe bainistithe riosca a fhorbairt faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027**, lena gcumhdófar riachtanais árachais agus athárachais a bhaineann leis an aeráid agus lena leathnófar tacaíocht chun rioscaí a bhaineann le galair ainmhithe a chumhdach, chun ionstraimí atá ann cheana a chomhlánú([12]) .

Tá an bosca uirlisí bainistíochta riosca faoin CBT atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo sách cuimsitheach cheana féin[13]) , agus tugtar roghanna do Bhallstáit na huirlisí seo a roghnú agus a chur in oiriúint dá riachtanais. Ullmhóidh an Coimisiún **lámhleabhar ina mbeidh treoshuíomhanna praiticiúla maidir le bainistiú riosca**, agus leas á bhaint as saineolas an Aontais agus as saineolas idirnáisiúnta, ionas gur féidir leis na Ballstáit na riachtanais sin a léiriú ar bhealach níos fearr ina bpleananna CNR amach anseo. **Comhlánóidh sé sin moltaí CBT** lena gcumhdófar gnéithe bainistithe riosca freisin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú agus laghdú freisin, i gcás inarb ábhartha, ar bhacainní riaracháin maidir le huirlisí sonracha bainistithe riosca a bhunú, mar chistí frithpháirteacha, chun aghaidh a thabhairt ar ghlacadh íseal, go háirithe ag feirmeacha beaga.

**Is é an dara tosaíocht cosc agus freagairt galar a neartú.** Tá galair ainmhithe, lena n-áirítear zónóisí, fós ar cheann de na bagairtí is tromchúisí ar athléimneacht beostoic, ar an mbithéagsúlacht agus ar shláinte an duine, b'fhéidir. Léirigh ráigeanna a tharla le déanaí, a bhfuil dlús mór curtha leo ó thaobh a minicíochta de, scála an damáiste eacnamaíoch agus shóisialta a d'fhéadfaidís a dhéanamh, lena n-áirítear scriosadh líon mór ainmhithe agus cur isteach ar thrádáil agus ar ghníomhaíocht tuaithe. Tá **bearta láidre bithshlándála** fós ina gcéad líne chosanta agus is gné bhunriachtanach den chosc iad. Thairis sin, beidh **an mheastóireacht ar an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe** ina bonn chun cur chuige Aon Sláinte Amháin an Aontais i leith bainistiú galar a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear úsáid níos leithne agus eolaíochtbhunaithe a bhaint as vacsaíniú próifiolacsach i gcás inarb iomchuí. Chun inoiriúnaitheacht do rioscaí agus do ghalair atá ag teacht chun cinn a threisiú, **déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil an córas catagóirithe galar atá ann faoi láthair fós oiriúnach dá fheidhm** agus cé acu a thugann nó nach dtugann na critéir chatagóirithe aghaidh go leordhóthanach ar dhúshláin shonracha. Chun bearta comhchuibhithe rialaithe galar ar fud an Aontais a neartú, leanfaidh an Coimisiún de nuashonruithe ar an reachtaíocht a mholadh i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus na caighdeáin idirnáisiúnta is déanaí arna leagan síos ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) agus rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun róil agus freagrachtaí a shoiléiriú. Chun tacú le húsáid níos leithne agus eolaíochtbhunaithe an vacsaínithe choiscthigh, **déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin**

([12]) FI-compass, 2025, forléargas ar threochtaí riosca aeráide talmhaíochta ar fud na hEorpa faoin aeráid atá ann faoi láthair agus in 2050 - Uirlisí Árachais agus Bainistíochta Riosca don Talmhaíocht san Aontas (https://www.fi-compass.eu/sites/default/files/publications/EAFRD_AGRI_Insurance_Risk_MA.pdf)

([13]) An Banc Domhanda: Réitigh le haghaidh Bainistíocht Agra-Riosca Níos Fearr san Aontas Eorpach (https://documents.worldbank.org/en/publication/documents-reports/documentdetail/099032326044016306)

**ar cibé an bhfuil na rialacha agus na prionsabail reatha maidir le vacsaíniú fós oiriúnach.**

Ba cheart an obair sin a bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is déanaí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus ba cheart rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos láidre a bheith mar thaca léi chun glacadh bhearta sláintíochta an Aontais a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar an aitheantas míchothrom a thugann tríú tíortha don réigiúnú, tabharfaidh an Coimisiún tuilleadh tacaíochta do na Ballstáit trí **threoir a fhorbairt maidir le vacsaíniú a chur i bhfeidhm mar aon le réigiúnú agus roinnt i ndeighleoga**, agus leanfaidh sé de bheith ag tacú le haitheantas a thabhairt do chur chuige réigiúnaithe an Aontais lena n-áirítear vacsaíniú le comhpháirtithe trádála i bhfóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha.

Tá **taighde agus nuálaíocht leanúnach i sláinte agus vacsaíniú ainmhithe**, lena n-áirítear vacsaíní DIVA ([14]) , ríthábhachtach i gcónaí, lena n-áirítear maidir le vacsaíní a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh mórghalair thrasteorann. Tacóidh an t-ionú tiomnaithe atá beartaithe faoi chreat Fís Eorpach leis an obair sin.

Mar chuid de na bearta coisctheacha, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht na mBallstát agus d'acmhainneacht na mBallstát a neartú maidir le faireachas a dhéanamh ar na galair ainmhithe ábhartha, lena n-áiritheofar **luathbhrath agus luathghníomhaíocht.** Tá sásraí luathrabhaidh an-tábhachtach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar conas feabhsú na gcóras atá ann cheana a mhaoiniú, digitiú a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sa bhrath agus sa rabhadh, chomh maith le conas feabhas a chur ar scaipeadh faisnéise ar fheirmeoirí ar fud an Aontais (aipeanna, beolínte).

An tráth céanna, tá **maoiniú leordhóthanach ón Aontas ríthábhachtach chun cosc, faireachas, rialú agus díothú a dhéanamh**, go háirithe i gcás bearta éigeandála i gcás ráigeanna. Cumasaíonn saoráid an Aontais atá beartaithe faoi CAI comhbheartas i réimsí na sláinte agus na sábháilteachta (lena n-áirítear le haghaidh ainmhithe) agus is féidir léi tacaíocht thiomnaithe a chur ar fáil i gcás galair ainmhithe, faoi réir nósanna imeachta buiséadacha bliantúla. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na Ballstáit, laistigh dá bpleananna CNR, rochtain fheabhsaithe a thabhairt d'fheirmeoirí ar uirlisí coisctheacha agus glacadh na n-uirlisí sin a fheabhsú, lena n-áirítear bithshlándáil agus vacsaíní agus foireann tréidliachta leordhóthanach a áirithiú trí dhreasachtaí airgeadais a thabhairt isteach do thréidlianna i gceantair thuaithe agus meastar go bhfeabhsóidh páirtithe leasmhara bearta bithshlándála ar an bhfeirm agus go ndéanfaidh siad dea-chleachtais a phríomhshruthú chun galair ainmhithe a chosc.

**Is é an tríú tosaíocht níos mó infheistíochta a dhéanamh san oiriúnú don athrú aeráide, sa mhaolú ar an athrú aeráide agus sa nuálaíocht i leith an athraithe aeráide.** D'fhéadfaí a áireamh leis sin tacaíocht do nuálaíochtaí lena laghdaítear déine astaíochtaí, lena bhfeabhsaítear bainistiú cothaitheach agus lena neartaítear rannchuidiú na gcóras beostoic leis an ngeilleagar ciorclach, in éineacht le bearta oiriúnúcháin. Tá an athléimneacht ag brath níos mó agus níos mó ar chumas na hearnála déileáil le strus aeráide agus acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Trí éifeachtúlacht úsáide uisce a mhéadú, is féidir cur le hathléimneacht an uisce agus na bhfeirmeoirí araon. Áirítear leis sin, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha agus straitéisí pórúcháin a

([14]) Is sainchineál vacsaíne iad vacsaíní Diva (Difreáil a dhéanamh idir Ainmhithe Vacsaínithe) atá deartha chun idirdhealú a dhéanamh idir ainmhithe a vacsaíníodh agus ainmhithe a bhí ionfhabhtaithe go nádúrtha le galar. Tá an t-idirdhealú sin ríthábhachtach chun rialú galar, faireachas agus rialacháin trádála éifeachtacha a dhéanamh i mbeostoc agus in ainmhithe eile.

chuireann feabhas ar shaintréithe athléimneachta amhail an fhrithsheasmhacht in aghaidh triomaigh, an fhrithsheasmhacht in aghaidh teasa. Téann teicnící pórúcháin ceannródaíocha géanómaíocha agus ainmhithe chun tairbhe do thorthaí eacnamaíocha agus comhshaoil araon. Bíonn úsáid beatha níos ísle agus astaíochtaí laghdaithe mar thoradh orthu, rud a chiallaíonn coigilteas d'fheirmeoirí agus neamhchosaint níos lú ar luaineachtaí luaineacha praghsanna. Chun athléimneacht níos fearr a bhaint amach, tá gá freisin le tithíocht agus aeráil fheabhsaithe, cosaint ar thuilte agus bonneagar eile atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Is cumasóirí fíor-riachtanacha d'earnáil beostoic níos athléimní san Aontas iad **taighde agus nuálaíocht** maidir le cleachtais agus teicneolaíocht inbhuanaithe ([15]) . **Ba cheart don Aontas díriú ar réitigh a uas-scálú agus a chur ar fáil.** Ba cheart a áireamh leis sin tacaíocht d'iarracht T&N níos láidre agus níos comhordaithe maidir le córais inbhuanaithe beostoic, **forbairt agus glacadh** uirlisí praiticiúla amhail córais tacaíochta cinntí, braiteoirí, feidhmchláir mórshonraí, róbataic, réitigh luathrabhaidh agus feirmeoireacht bheacht beostoic, agus cur chuige córasbhunaithe agus áitbhunaithe á chur chun cinn an tráth céanna. Chun dlús a chur leis an tionchar ar an láthair, ba cheart **an nuálaíocht a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le riachtanais feirmeoirí**, ionas go ndéanfar réitigh athléimneacha a thástáil, a mhéadú agus a chur in úsáid ar bhealach níos tapúla ar fud na réigiún agus na gcóras táirgthe. Tacófar leis sin leis an gcur chuige straitéiseach nua i leith taighde agus nuálaíochta AGRI 2040 agus Bia 2040. Leis an gcur chuige nua sin, sainaithnítear beostoc mar phríomhréimse gníomhaíochta le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus leagtar béim ar luachshocrú níos fearr a dhéanamh ar thorthaí taighde agus nuálaíochta i ngnólachtaí nuathionscanta, i ngnólachtaí atá ag méadú agus in úsáid thionsclaíoch iomlán.

**Éilítear le hathléimneacht freisin nach mór d'earnáil an bheostoic a bheith níos neamhspleáiche ar ionchuir allmhairithe agus a bheith níos ábalta brath ar acmhainní intíre agus ciorclacha,** mar a forbraíodh sa Phlean Próitéine agus sa Phlean Gníomhaíochta um Leasachán. An tráth céanna, le comhtháthú níos dlúithe le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha comhpháirtíochta, cuirtear deiseanna ar fáil chun athléimneacht agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú trí shlabhraí luacha agraibhia níos comhtháite agus níos inbhuanaithe a fhorbairt de réir a chéile.

**Sampla de thionscadail chomhinfheistíochta le haghaidh na hathléimneachta:**

- Grianphainéil ar an bhfeirm agus aonad bithgháis comhroinnte a shuiteáil trí aoileach a úsáid, rud a laghdóidh an spleáchas ar fhuinneamh seachtrach agus ar leasacháin.
- Córas stórála agus athchúrsála uisce a thógáil chun dul i ngleic le triomaigh agus tonnta teasa.
- Dul isteach i gciste frithpháirteach agus i scéim árachais aeráide a fhaigheann tacaíocht ó bheartais na mBallstát chun ioncam a chobhsú le linn teagmhais adhaimsire.

Ba cheart do na Ballstáit **leanúint de thacaíocht a thabhairt do chleachtais talmhaíochta lena gcomhtháthaítear athléimneacht agus inbhuanaitheacht ina samhlacha gnó, amhail an fheirmeoireacht orgánach**, agus lena ndreasaítear an t-aistriú

([15]) D'fhéadfadh ionstraimí airgeadais éagsúla faoi CAI tar éis 2027 tacú le hiarracht T & N níos láidre agus níos comhordaithe maidir le córais bheostoic inbhuanaithe agus athléimneacha, lena gcumhdófaí sláinte agus leas ainmhithe, galair a chosc agus vacsaíní, córais mheasctha, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide, laghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol, éifeachtúlacht beatha agus cothaitheach, acmhainní géiniteacha agus pórú le haghaidh tréithe athléimneachta, réitigh bhithgheilleagair chiorclacha, nuálaíocht shóisialta agus teicneolaíochtaí digiteacha.

chuig athléimneacht fhadtéarmach trí íocaíochtaí aistrithe. Ba cheart do **bhearta athnuachana ó ghlúin go glúin** staid shonrach na feirmeoireachta beostoic a léiriú.

Is féidir le **comhar níos fearr feadh an tslabhra soláthair cuidiú le luaineacht praghsanna a laghdú** agus rochtain ar ionchuir a fheabhsú, agus is féidir le rannpháirtíocht in ardáin comhroinnte eolais agus i gcomhpháirtíochtaí nuálaíochta dlús a chur le leathadh dea-chleachtas.

**Sampla: I limistéar atá leochaileach don víreas gormtheanga, do ghalar an chraicinn chnapánaigh nó don fhliú éanúil, bunaíonn údaráis agus páirtithe leasmhara córas comhordaithe chun galair a chosc:**

- Déanann na Ballstáit, trí phleananna CNR, uasghráduithe bithshlándála a chómhaoiniú (stáisiúin díghalraithe, rochtain rialaithe ar fheirmeacha, criosanna deighilte).
- Faigheann feirmeoirí, trí chistí an phlean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, oiliúint trí sheirbhísí comhairleacha agus trí ghrúpaí EIP-AGRI maidir le galair a chosc agus pleanáil theagmhasach.
- Tugann na Ballstáit agus slabhra luacha beostoic faoi chreat comhroinnte costas chun freagairtí ar ráigeanna galair a chistiú go comhpháirteach, lena n-áirítear cúiteamh do tháirgeoirí atá buailte, bunaithe ar shásraí airgeadais réamhshocraithe (deighealtar na costais a bhaineann le díothú, srianadh agus téarnamh idir tobhaigh phoiblí agus phríobháideacha/comhthiomsuithe árachais).
- Cuirtear clár vacsaínithe agus faireachais poiblí príobháideach i bhfeidhm de réir mar a chuirtear vacsaíní nua ar fáil trí T & N a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.

Tá ról lárnach ag na Ballstáit maidir le tacaíocht phraiticiúil ar an láthair a dhéanamh de na cuspóirí sin:

- infheistíochtaí athléimneachta a áireamh ina bpleananna CNR agus rochtain feirmeoirí ar uirlisí coiscthe galar a fheabhsú,
- árachas agus cistí frithpháirteacha atá saincheaptha d’earnálacha beostoic a chur chun cinn,
- a áirithiú go n-áireofar san oiliúint agus i seirbhísí comhairleacha feirme saineolas láidir maidir le hathléimneacht beostoic,
- tacú le hinfheistíochtaí agus gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide (AECAnna), lena n-áirítear scéimeanna éifeachtúlachta, a chuidíonn le h**acmhainní géiniteacha beostoic** a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe lena neartaítear athléimneacht earnáil an bheostoic agus lena dtacaítear leis an mbithéagsúlacht, le hithreacha sláintiúla agus le hathléimneacht uisce mar bhonn d’athléimneacht earnáil an bheostoic,
- breithniú a dhéanamh ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i seirbhísí tréidliachta tuaithe, mar shampla trí dhreasachtaí spriocdhírithe nó comhairliúcháin dhigiteacha, agus tacú le scileanna digiteacha, nascacht agus infheistíocht ar leibhéal na feirme,
- trí thacú le heagraíochtaí táirgeoirí, samhlacha comhair agus idirghabhálacha earnála CBT, is féidir cuidiú le cumhacht mhargála feirmeoirí agus a n-acmhainneacht rioscaí a bhainistiú i dteannta a chéile a neartú.

### 3.2. Earnáil iomaíoch beostoic ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda

Chun dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh domhanda, tá creat fadtéarmach níos intuartha le haghaidh infheistíochtaí de dhíth ar earnáil an bheostoic, chun giaráil ardteicneolaíochtaí agus cleachtas nuálach a úsáid, agus tairbhe á baint an tráth céanna as cothrom iomaíochta agus as ualach rialála laghdaithe. Ní mór stop a chur le treocht reatha an díchaipitlithe, agus an bhrabúsacht a mhéadú, má tá slabhra luacha na hEorpa le leanúint de bheith iomaíoch agus iontrálaithe nua a mhealladh isteach sa ghairm. Le hardchaighdeáin sábháilteachta bia agus sláinte ainmhithe, leas ainmhithe agus comhshaoil an Aontais a choinneáil ar bun, ní mór don earnáil a bheith in ann freagairt go láidir do bhrú na hiomaíochta domhanda.

**Is é an tosaíocht atá ann cabhrú leis an earnáil an bhearna infheistíochta a dhúnadh, borradh a chur faoi ghlacadh na nuálaíochta agus an digitithe chun an t-iomaíochas agus an inbhuanaitheacht a nuachóiriú agus a threisiú.** I gcás go leor feirmeoirí beostoic, agus go háirithe feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua, tá gá le caipiteal suntasach tosaigh le haghaidh bonneagar nua-aimseartha, innealra nua agus córais bainistithe aoiligh nua-aimseartha. Measann Fi-Compass go bhfuil bearna mhaoinithe os cionn EUR 18 mbilliún ann don earnáil beostoic([16]) .

Cé go bhfuil measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar thionchar a athbhreithnithe ar leas ainmhithe, meastar i staidéar áirithe go mbeidh riachtanais shuntasacha infheistíochta i gceist leis an aistriú chuig córais saor ó chaighin([17]) . **Ní féidir freastal ar riachtanais mhaoiniúcháin den sórt sin ó fhoinse aonair ach tá gá le meascán d'ionstraimí agus de bhearta ón Aontas agus ó na Ballstáit araon.** Áirítear orthu sin luach saothair margaidh níos fearr, tacaíocht phoiblí, rochtain ar ionstraimí airgeadais agus infheistíochtaí príobháideacha, chomh maith le leas a bhaint as acmhainneacht samhlacha gnó ciorclacha nua agus luach níos fearr a chur ar sheachtháirgí. Éilítear leis freisin scileanna, litearthacht airgeadais agus comhairle leordhóthanach chomh maith le creat dlíthiúil níos cobhsaí agus níos soiléire.

Tá CBT fós ina phríomhuirlis chun tacú le hioncam feirmeoirí, chun iad a dhreasú chun iarrachtaí inbhuanaitheachta a dhéanamh agus chun tacaíocht infheistíochta a chur ar fáil,

([16]) https://www.fi-compass.eu/library/market-analysis/financial-gap-eu-agricultural-sector?page=1

([17]) *Léirítear i staidéir a choimisiúnaigh eagraíochtaí feirmeoirí chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an aistriú chuig córais saor ó chaighin in earnáil na mbéaróg agus na muc riachtanais infheistíochta ar leibhéal an Aontais thart ar EUR 6,7 billiún i gcás earnáil na muc[1](EUR 0,02 in aghaidh an kg de mhuiceoil ar feadh tréimhse dímheasa 15 bliana), agus EUR 2,6 billiún i gcás earnáil na mbéaróg[2] (EUR 0,0017 in aghaidh na huibhe ar feadh tréimhse dímheasa 15 bliana). Eascraíonn costais go príomha as an ngá atá le saoráidí tithíochta atá ann cheana a thiontú nó a athsholáthar agus an bonneagar agus an trealamh is gá le haghaidh táirgeadh saor ó chaighin a shuiteáil. Is mar shampla amháin a luaitear na sonraí sin. Tá measúnú tionchair á ullmhú ag an gCoimisiún ina ndéanfar anailís ar na sonraí agus na saincheisteanna ábhartha uile a bhaineann leis na tograí atá beartaithe aige.*

[1] Potori et al. (2024). *An Assessment of the Impacts of the Phasing Out of Cages in EU Livestock Farming: The Pig Sector* [Measúnú ar na Tionchair ar Dheireadh a Chur de réir a chéile le Caighin i bhFeirmeoireacht Beostoic an Aontais: Earnáil na Muc]. *Agriculture*, 14(1), 111.

[2] Majewski et al. (2024). *An Assessment of the Impacts of the Phasing Out of Cages in EU Livestock Farming: The Layer Sector*[Measúnú ar na Tionchair ar Dheireadh a Chur de réir a chéile le Caighin i bhFeirmeoireacht Beostoic an Aontais: Earnáil na nBéaróg]. *Agriculture*, 14(2), 187.

agus leis an gcéad tréimhse mhaoiniúcháin eile cuirtear deiseanna ar fáil atá saincheaptha do riachtanais éagsúla, ó fheirmeacha beaga go feirmeacha móra. Le meascán de bhearta éagsúla, lena n-áirítear infheistíochtaí i mbonneagar agus tacaíocht do thionscadail nuálacha, d'fhéadfadh na pleananna CNR atá beartaithe agus CEI cuidiú le hinfheistíochtaí san inbhuanaitheacht, san iomaíochas agus san athléimneacht a mhéadú.

**Breithneoidh** an Coimisiún **gach rogha, lena n-áirítear féachaint ar ionstraim airgeadais thiomnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann don earnáil beostoic chun an bhearna mhaoiniúcháin le haghaidh infheistíochtaí san aistriú chuig leibhéil níos airde inbhuanaitheachta agus leasa ainmhithe a dhúnadh.**

Ba cheart do na Ballstáit tionscnaimh eile a mheas freisin, amhail rochtain níos fearr ar iasachtaí, iasachtaí arna ráthú ag an stát, ionstraimí soláthair phoiblí, bearta margaidh agus coinníollacha iasachta níos fabhraí do gach feirmeoir, go háirithe iontrálaithe óga agus iontrálaithe nua. Féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar rochtain fhabhrach ar iasachtaí d'fheirmeoirí atá i mbun aistriú chuig córais atá saor ó chaighin, bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe reachtaigh. An tráth céanna, d'fhéadfadh scéimeanna lena dtugtar luach saothair don fheirmeoireacht carbóin agus do chreidmheasanna dúlra luach breise a chur ar fáil d'fheirmeacha a infheistíonn i gcórais bheostoic níos inbhuanaithe.

Chomh maith le cistiú, tá sé ríthábhachtach **creat dlíthiúil cobhsaí, intuartha agus soiléir** a áirithiú lena gceadaítear pleanáil agus infheistíochtaí fadtéarmacha. Cuirfidh sé sin borradh faoi mhuinín infheisteoirí agus éascóidh sé cinntí infheistíochta a thógann na blianta fada le haisíoc go minic. Tá cuid den éiginnteacht sin á spreagadh ag **nósanna imeachta deonaithe ceadanna** ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu mar thosaíocht. Ag deireadh 2025, chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis phoiblí araon, rinne an Coimisiún togra maidir le luasghéarú nósanna imeachta deonaithe ceadanna ([18]) agus togra maidir le luasghéarú measúnú comhshaoil. Tá tástáil struis ar an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga ar siúl faoi láthair agus déanfaidh an Coimisiún obair leantach uirthi de réir mar is iomchuí lena ngabhfaidh gníomhaíochtaí breise.

**Chun luach saothair níos fearr ón margadh a spreagadh**, is gá oibriú chun eolas níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí, chun **ionchais tomhaltóirí a ailíniú le sásraí praghsála córa agus chun éagsúlú an mhargaidh a shaothrú.** chun tairbhe a bhaint as margaí ardluacha.

**Ní mór an t-iomaíochas feabhsaithe a bheith cothrom.** Is tosaíocht sheanbhunaithe é seasamh na bhfeirmeoirí sa bhiashlabhra a neartú agus iad a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála, tosaíocht a neartófar leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála([19]) , ag tógáil ar an taithí a fuarthas go dtí seo. Ní mór d'fheirmeoirí **luach saothair níos fearr a fháil, lena n-áirítear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn agus atá nasctha le forbairt an bhithgheilleagair agus luachshocrú fotháirgí.** Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbealach is fearr chun na gnéithe sin a chomhtháthú in obair Fhaireachlann an Aontais um

([18]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001, (AE) 2019/944, (AE) 2024/1788 a mhéid a bhaineann le dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna – COM(2025) 1007

(19) Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/633/oj

an slabhra agraibhia chun trédhearcacht margaidh a sholáthar feadh an tslabhra luacha agus chun muinín a chothú.

**Cás láidir gnó do na feirmeoirí is ea an inbhuanaitheacht agus an chiorclaíocht.** Le cleachtais chiorclacha agus leis an mbithgheilleagar, feabhsaítear neamhspleáchas beatha agus uasmhéadaítear luachshocrú bithmhaise (lena n-áirítear seachtháirgí ainmhithe), rud a laghdaíonn dramhaíl, agus a sholáthraíonn ioncam níos intuartha d'fheirmeoirí. **Ní dramhaíl iad fotháirgí amhail olann nó aoileach ach acmhainn** a bhfuil luach aici agus a fhónann d'ilchuspóirí i mbithgheilleagar ciorclach, agus ba cheart a saintréithe agus a n-acmhainneacht a aithint i reachtaíocht. Is minice anois a fheiceann gníomhaithe iartheachtacha (e.g. táirgeoirí déiríochta nó feola) an cás gnó chun luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí a laghdaíonn astaíochtaí ar an bhfeirm, rud a fhágann go bhfuil oibríochtaí beostoic inbhuanaithe níos iomaíche.

Ní mór an t-iomaíochas a fheabhsú freisin trí **chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar an mbiashlabhra, agus trí chaighdeáin cháilíochta feola a fhorbairt.** Ba cheart acmhainneacht chomhtháthú na mairteola déiríochta a chur chun cinn a thuilleadh. D'fhéadfadh ailíniú níos fearr ar fud na slabhraí soláthair feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil na gcóras déiríochta agus mairteola araon. Tá slabhraí luacha ardcháilíochta i gceantair thuaithe agus i mbonneagar chomh tábhachtach céanna. Léiríonn taithí ar fhorbairt eagraíochtaí táirgeoirí agus comharchumann conas a chuidíonn uirlisí atá leabaithe sa Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM)([20]) le seasamh feirmeoirí sa slabhra luacha a neartú agus lena sciar den luach a chruthaítear a mhéadú.

**Ní hamháin go bhfuil an chothroime inmheánach, ach tá sí seachtrach freisin.** Chun **cómhalartacht agus ailíniú níos fearr i gcaighdeáin táirgthe ar fud an domhain a chothú**, tá gá le rialuithe iomchuí, coimircí éifeachtacha agus iarracht leanúnach d'ardchaighdeáin. Is obair leanúnach í seo agus is tosaíocht shoiléir í. Ní hamháin go gcuireann allmhairiú táirgí a tháirgtear chun caighdeáin níos ísle táirgeoirí an Aontais faoi mhíbhuntáiste tráchtála ach cuirtear as áit iad freisin seachas astaíochtaí domhanda a laghdú. Tá feabhas á chur ar na rialuithe ar tháirgí bia, ainmhithe agus plandaí a thagann isteach san Aontas agus neartaíodh go mór é([21]) . Is cleachtais chaighdeánacha iad coimircí i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, agus cosnaíonn siad feirmeoirí na hEorpa ar aon allmhairí díobhálacha. Áirítear leis sin taraif-chuótaí dea-chalabraithe ina bhfuil méideanna atá nasctha le dálaí margaidh an Aontais agus clásail choimirce uathoibríocha le haghaidh comhaontuithe áirithe lena soláthraítear sraith bhreise chosanta. Déantar ardchaighdeáin sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú go dian, go háirithe maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach agus hormón. **Tá athbhreithniú á dhéanamh ar rialacha maidir le leas ainmhithe chun ailíniú níos fearr a áirithiú ar chaighdeáin le haghaidh táirgí allmhairithe.** Don tréimhse airgeadais amach anseo, cuirfidh an togra chun Líontán Sábhála Aontachta a bhunú a mbeidh buiséad suntasach aige ar chumas an Aontais cosaint níos fearr a thabhairt do na feirmeoirí tráth luaineachta sa mhargadh. An tráth céanna, beidh an Coimisiún rannpháirteach i **dtaidhleoireacht thiomnaithe agraibhia, cuirfidh sé dlús**

([20]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj

([21]) Commission announces reinforcement of controls on products imported into the EU

**a chur lena mhisin ardleibhéil agus lena bhearta cur chun cinn chun deiseanna nua margaidh a chur ar fáil d'easpórtálacha Eorpacha.**

**Is cuid fhíor-riachtanach den iomaíochas é an simpliú.** Seoladh obair thábhachtach ach tá gá le tuilleadh iarrachta chun cur ar chumas na hearnála agraibhia tairbhe a bhaint as creat dlíthiúil atá fabhrach don nuálaíocht agus don iomaíochas, agus caighdeáin sláinte, leasa agus sábháilteachta bia agus beatha ainmhithe á n-urramú an tráth céanna. Leis an bplé leanúnach ar an omnibus sábháilteachta bia agus beatha, soláthrófar simpliú a bhfuil géarghá leis. Is gá **reachtaíocht sláinteachais an Aontais a dhéanamh** níos solúbtha agus úsáid níos fearr a bhaint as na forálacha solúbthachta atá inti, lena gceadaítear oiriúnuithe ar struchtúr agus ar leagan amach seamlas ísealacmhainne, agus caighdeáin sábháilteachta bia agus leasa ainmhithe á n-urramú an tráth céanna agus iad á gcomhcheangal go héifeachtach le praiticiúlacht oibríochtúil. Leis an leasú atá beartaithe ar an gcreat rialála **breiseán beatha** san omnibus bia agus beatha, soláthrófar timpeallacht fhabhrach chun breiseáin bheatha nuálacha nua a fhorbairt agus a chur ar fáil, agus tá an obair ar riachtanais simplithe breise ar siúl i gcónaí, lena n-áirítear mar chuid de na hidirphléití ginearálta cur chun feidhme agus mar chuid de na h**Idirphléití Bia.** Ina theannta sin, is gá **coigeartuithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe** chun an geilleagar ciorclach a éascú ar bhealach níos fearr, gan caighdeáin sláinte ainmhithe, bia agus sábháilteachta beatha a chur i mbaol.

### 3.3. Earnáil beostoic inbhuanaithe

**Infheistíocht i dtodhchaí fhadtéarmach na feirmeoireachta is ea infheistíocht a dhéanamh san inbhuanaitheacht.** Is féidir torthaí eacnamaíocha níos fearr, riosca laghdaithe galair agus tacaíocht níos leithne a bhaint amach le caighdeáin leasa ainmhithe níos airde, ar choinníoll go mbeidh tairbhí intomhaiste sláinte, táirgiúlachta nó praghsanna arda mar thoradh ar ghnóthachain leasa – éifeacht ghlan a athraíonn ag brath ar an earnáil agus ar dhálaí an mhargaidh. Cosnaíonn éifeachtúlacht úsáide nítrigine i gcórais bia agus bithgheilleagair([22]) , lena n-áirítear éifeachtúlacht leasacháin, uisce agus ithreacha agus laghdaíonn sé costais ionchuir. Féadfaidh bonneagar atá athléimneacht maidir le haeráid tionchar na hadhaimsire a sheasamh agus toradh fadtéarmach ar infheistíocht a sholáthar.

Braitheann an rath ar chumas na bhfeirmeoirí infheistíocht a dhéanamh. Sin é an fáth a bhfuil gá le haistriú **cóir agus cothromaithe** chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta. Trí uaillmhian na hinbhuanaitheachta a ardú, tarraingítear anuas ceisteanna faoi **cé a íocann na costais feadh an tslabhra luacha.** I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais táirgthe níos airde, táirgeacht níos ísle nó dlús stocála laghdaithe a bheith i gceist leis an aistriú chuig feabhsuithe inbhuanaitheachta. Éiríonn le roinnt cleachtas talmhaíochta amhail táirgí orgánacha uaillmhian ard chomhshaoil agus leasa ainmhithe a choinneáil ar bun le brabúsacht. I gcás córais eile, nuair nach féidir le feirmeoirí na costais sin a sheasamh go hiomlán ach nuair a dháiltear iad feadh an tslabhra, léirítear iad ar deireadh i bpraghsanna bia níos airde, a íocann tomhaltóirí, gan ioncam táirgeoirí a mhéadú agus a mbíonn titim ar éileamh mar thoradh orthu, b'fhéidir. Cuireann sé sin i bhfios go láidir go bhfuil gá le haistriú atá calabraithe go cúramach lena gcuirfear gnóthachain inbhuanaitheachta ar fáil d'fheirmeoirí agus don tsochaí, agus comhbhabhtálacha á mbainistiú agus inghlacthacht shóisialta á coinneáil an tráth céanna.

---

([22]) Oibreoidh an Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais "**Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar AE atá Iomaíoch agus Inbhuanaithe.** COM/2025/960 final ar mheasúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais agus nuálaíochtaí bithgheilleagair chun éifeachtúlachtaí úsáide nítrigine a mhéadú i gcórais bhithgheilleagair agus i líonraí luacha

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit creat fabhrach a chur ar fáil lena gcuirfear ar chumas an fheirmeora na bearta is fearr a oireann dá bhfeirmeacha aonair agus dá gcleachtais aonair a roghnú agus lena n-éascófar an cinneadh maidir le conas a ngnó a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Tá **comhaontuithe inbhuanaitheachta slabhra luacha** ina nglacann na gníomhaithe go léir cuid den fhreagracht, lena n-áirítear an earnáil idirghabhálaí agus miondíola, ina n-uirlisí gealltanais maidir le haistriú cóir. Cuireann sé ar chumas na hearnála miondíola, mar shampla, cúiteamh a thabhairt do chaighdeáin níos airde a dhéanann na feirmeoirí. Ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do ghníomhaithe príobháideacha an comhar sin a chur chun cinn a thuilleadh.

**Ní mór tús a chur le haon fhís fhadtéarmach don earnáil beostoic le leas a bhaint as a éagsúlacht.** Ní féidir an mhósáic shaibhir sin de chuid an Aontais a chothú trí chur chuige a oireann do chách. Chuige sin, tá gá le réitigh shaincheaptha áitbhunaithe lena léirítear réaltachtaí áitiúla agus lena gcuirtear le láidreachtaí réigiúnacha.

Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana, lena ndaingnítear **earnáil beostoic na hEorpa i measc na hearnála beostoic is táirgiúla agus is éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil de** ([23]) **ar domhan**, is deis é dearadh na clárthréimhse nua chun idirghabhálacha inláimhsithe a dhéanamh den éagsúlacht sin lena dtabharfar treo fadtéarmach.

Tá **leas ainmhithe** i gcroílár ábhair imní na saoránach a mhéid a bhaineann le feirmeoireacht beostoic. Mar a luaigh Parlaimint na hEorpa, 'is deis don Aontas é an méadú domhanda a bhfuiltear ag súil leis ar thomhaltas próitéine ainmhithe chun é féin a chur chun cinn mar cheannaire domhanda sa talmhaíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid agus d'ainmhithe'. Tá gá le forfheidhmiú na rialacha atá ann cheana agus le hobair leantach fhorásach ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Ná coinnímis ainmhithe i gcaighin feasta' chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na saoránach, ag díriú ar earnálacha ina bhfuil sé indéanta aistriú chuig córas tithíochta neamhshrianta, ina bhfuil sé fianaisebhunaithe agus ina bhfuil idirthréimhsí leordhóthanacha agus tacaíocht airgeadais ag gabháil leis a chuireann ar chumas feirmeoirí oiriúnú. I bhfianaise scála na n-infheistíochtaí is gá, beidh tacaíocht de dhíth ar an aistriú a mhairfidh ar feadh na chéad tréimhse maoiniúcháin eile agus ina dhiaidh sin.

Cuireann ardchaighdeáin leasa feabhas ar éifeachtúlacht acmhainní, mar shampla trí rátaí básmhaireachta a laghdú, saolré táirgthe ainmhithe a leathnú agus tiontú beatha a fheabhsú. Cé go bhfuil earnáil na mbéaróg ag brath go príomha sa lá atá inniu ann ar **shicíní lae fireanna a mharú**, trí dhul i muinín teicneolaíochtaí gnéasúcháin in-ovo, atá ar fáil anois, is féidir deireadh a chur leis an gcleachtas sin agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar éilimh eiticiúla na saoránach. Is féidir leo dea-cháil earnáil uibheacha an Aontais as earraí den scoth a tháirgtear go heiticiúil a neartú. Cé go bhfuil sí ar fáil agus á húsáid i mBallstáit áirithe, níl an teicneolaíocht go hiomlán inrochtana ná inacmhainne go fóill do ghorlanna beaga agus meánmhéide ar fud an Aontais. Chuige sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na costais a laghdú agus chun an t-imscaradh a uas-scálú. Faoi dheireadh 2026, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **athbhreithniú spriocdhírithe a mholadh ar rialacha maidir le leas ainmhithe le haghaidh béaróg agus sicíní lena ramhrú**, lena ndíreofar ar dheireadh a chur de réir a chéile le caighin, táscairí praiticiúla leasa ar an bhfeirm, deireadh

---

([23]) FAO: Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chórais agraibhia, Treochtaí domhanda, réigiúnacha agus tíre, 2000-2022

a chur le marú córasach sicíní fireanna agus ceanglais allmhairiúcháin choibhéiseacha. Chun luach a chur ar an aistriú ó mharú sicíní lae fireanna, féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí rialacha maidir le marcáil uibheacha a thabhairt cothrom le dáta chun tomhaltóirí, lena n-áirítear i dtríú tíortha, a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi fheabhsuithe arna ndéanamh ag feirmeoirí. Faoi R2, 2027, tabharfaidh togra comhchosúil aghaidh ar **leas muc**, lena n-áirítear an t-aistriú ó chliathbhoscaí go córais loca.

Is díospóireacht lárnach é le blianta beaga anuas allmhairiú ainmhithe beo go tríú tíortha, go háirithe lena marú láithreach. Is é an toradh ar ráigeanna nua agus athfhillteacha de ghalair ainmhithe i mBallstáit an Aontais bacainní trádála rialta – uaireanta gan údar. An tráth céanna, cuireann tubaistí nádúrtha agus luaineachtaí i riochtaí slándála thart ar thíortha cinn scríbe bagairt faoi inbheartaitheacht cleachtas den sórt sin ar bóthar agus ar muir. Féadfaidh siad údar imní mar gheall ar leas ainmhithe a tharraingt anuas, leis. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún dlúthmhalartú leis na páirtithe leasmhara ábhartha, leis an tsochaí shibhialta agus le tríú tíortha cinn scríbe, agus ag brath ar thoradh na malartuithe sin, breithneoidh sé céimeanna breise, lena n-áirítear roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar onnmhairiú ainmhithe lena marú ón Aontas chuig tríú tíortha, agus suíomhanna margaidh tháirgeoirí beostoic na hEorpa á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

Ní mór na hardchaighdeáin sin do tháirgeoirí an Aontais a chomhlíonadh le ceanglais chómhalartacha maidir le táirgí allmhairithe, le huirlisí forfheidhmithe leordhóthanacha. D'fhéadfadh cleachtais leasa ainmhithe níos ísle a bheith ag tríú tíortha agus tá saoránaigh an Aontais ag súil go leanfaidh gach táirge ar mhargadh an Aontais ardchaighdeáin leasa. Leis an nuachóiriú ar rialacha an Aontais maidir le leas ainmhithe agus ar chomhaontuithe trádála an Aontais, **tugtar deis fhíor-riachtanach ceanglais choibhéiseacha maidir le leas ainmhithe a thabhairt isteach le haghaidh táirgí allmhairithe,** i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Domhanda Trádála.

**Tá iarrachtaí leanúnacha chun astaíochtaí ó bheostoc a laghdú** fós ar cheann de na tosaíochtaí. Cé gur sciar beag ar an leibhéal domhanda iad astaíochtaí meatáin eintreacha an Aontais ó bheostoc, is iad an fhoinse ([24]) astaíochtaí talmhaíochta is mó san Aontas iad. Chun aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí sin, tá gá le cur chuige eolaíochtbhunaithe agus córasbhunaithe, lena gcuirfear leis na dea-chleachtais atá ann cheana agus lena dtacófar a thuilleadh leis an nuálaíocht agus leis an teicneolaíocht. Tá seachtrachtaí aeráide éagsúla ag baint le táirgeadh éagsúil beostoic agus tá acmhainneacht éagsúil ann chun aghaidh a thabhairt orthu, rud nach mór a chur san áireamh freisin.

Ar an gcéad dul síos, **is gá tomhas cruinn a dhéanamh ar bheartas éifeachtach um laghdú meatáin.** Ní léiríonn modheolaíochtaí áirithe atá ann cheana chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí beostoic go hiomlán an éagsúlacht iarbhír in astaíochtaí ar fud córais táirgthe, pórtha agus córais bheathaithe éagsúla. D'fhéadfadh cineálacha cur chuige mhodheolaíocht IPCC Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 gannléiriú a dhéanamh ar luach na bhfeabhsuithe ar an bhfeirm agus na héagsúlachta géinití. Ag tráth céanna, tá plé leanúnach ar siúl chun féachaint ar an ngá atá le cineál bithghineach na n-astaíochtaí meatáin a chur san áireamh mar chuid de thimthriall carbóin gearrthéarmach. Tá gá le cineálacha cur chuige níos beaichte chun fíorchleachtais bhainistíochta a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun measúnú níos cruinne agus níos cothroime ar fheidhmíocht aeráide

([24]) BOSCO, S., CHEN, M., BIELZA, M., MONTERO CASTAÑO, A., SCHIEVANO, A. et al., Livestock Feeding and Sustainability: Mapping Environmental, Climate and Productivity Outcomes [Torthaí Comhshaoil, Aeráide agus Táirgiúlachta a Mhapáil], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2760/3398918 (ar líne), JRC143817.

beostoic a áirithiú. Dá bhrí sin, oibreoidh an Coimisiún ar **mhodheolaíocht chomhchuibhithele haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa beostoic ar leibhéal na feirme agus uirlisí faireacháin a chur chun cinn** lena léirítear ar bhealach níos fearr bearta a chuirtear chun feidhme ar leibhéal na feirme agus atá níos oiriúnaithe do riachtanais earnáil beostoic an Aontais. Cuirfidh sé leis an obair a thosaigh Ballstáit áirithe([25]) arb é is aidhm di astaíochtaí Leibhéal 3 a fhorbairt lena gcumasaítear cuntasaíocht astaíochtaí níos cruinne agus níos difreáilte. Beidh baint ag an obair sin le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodhanna táirgthe faoi na caighdeáin mhargaíochta agus faoi chur chuige barr feabhais an Aontais (féach pointe 3.5 thíos). Ba cheart go gcuideodh na torthaí freisin le cruinneas fhardail náisiúnta GCT na mBallstát a fheabhsú. Tá an tAontas réidh freisin chun cleachtais tomhais agus mhaolaithe a mhalartú le comhpháirtithe domhanda i gcomhréir lena cheannaireacht dhomhanda maidir le laghdú meatáin tríd an nGealltanas Domhanda maidir le Meatán agus trí thionscnaimh ghaolmhara. I ndlúthchomhar le hionadaithe feirmeoirí agus le páirtithe leasmhara an tslabhra luacha bia, tá **compás inbhuanaitheachta deonach ar an bhfeirm á fhorbairt ag an gCoimisiún d'fheirmeoirí.** Leis an gcreat eolaíochtbhunaithe sin, beifear in ann measúnú praiticiúil inchomparáide a dhéanamh ar phríomhghnéithe na hinbhuanaitheachta ar fud córais feirmeoireachta éagsúla. Is féidir an compás a úsáid freisin mar uirlis bhainistíochta chun cinntí a threorú, dul chun cinn a rianú, agus feidhmíocht a thuairisciú go trédhearcach le himeacht ama, agus chun páirt a ghlacadh i scéimeanna préimhe nó i gconarthaí préimhe lena gcúitítear laghduithe fíoraithe ar astaíochtaí, leas ainmhithe feabhsaithe, agus soláthar seirbhísí éiceachórais. Leis sin, beifear in ann measúnú a dhéanamh ar **fheidhmíocht bunaithe ar thorthaí a baineadh amach ar an láthair**, ag imeacht de réir a chéile ó chur chuige bunaithe ar cheanglais. Ina theannta sin, bunaithe ar mhodheolaíocht deimhniúcháin phíolótach, tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar laghduithe ar astaíochtaí beostoic a áireamh i raon feidhme an Rialacháin maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin (ACFC).

Ní mór a chur san áireamh ann freisin go bhfuil táirgeadh bia fréamhaithe go bunúsach i bpróisis bhitheolaíocha nádúrtha agus, d'ainneoin ardchaighdeáin an Aontais a chomhlíonadh, go bhfuil sé ina chúis le **hastaíochtaí inginiúla dosheachanta** a mbíonn comhbhabhtálacha áirithe i gceist leo nach féidir deireadh iomlán a chur leo. Is spreagadh tábhachtach don aistriú é an t-éileamh, dá laghdófaí táirgeadh an Aontais, d'fhéadfadh allmhairí méadaithe agus astaíochtaí níos airde a bheith ann i réigiúin nach bhfuil san Aontas.

Ní mór tuilleadh dul chun cinn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bheith bunaithe ar mheascán de bhearta agus dreasachtaí beartais éifeachtacha, ar acmhainneacht feabhsuithe géiniteacha, ar nuálaíocht agus ar theicneolaíocht lena n-áirítear i straitéisí beathaithe. Cuirfidh an Coimisiún **moltaí ar fáil do na Ballstáit** i gcomhthéacs CBT a bheidh ann amach anseo agus cuirfidh sé **bosca uirlisí de na cleachtais is éifeachtaí** ar fáil dóibh Is féidir leis na Ballstáit a straitéisí a dhearadh ar bhonn a gcásanna sonracha, mar a léirítear i Straitéis 2020 an Aontais um Meatán agus infheistíochtaí in éifeachtúlachtaí lena laghdaítear astaíochtaí á gcur san áireamh, lena n-áirítear pórtha laghdaithe meatáin, beathú beacht, agus ardbhainistiú aoiligh amhail bithghás agus teicneolaíochtaí cóireála feabhsaithe, chomh maith le réitigh laghdaithe astaíochtaí i gcórais feirmeoireachta laistigh. Thairis sin, tá acmhainneacht shuntasach mhaolaithe ag baint le réitigh theicneolaíocha a bhféadfadh laghdú 16% ar a laghad ar astaíochtaí gás

([25]) Cónaidhm Phórúcháin Eallaigh na hÉireann (ICBF): https://www.icbf.com/methane/

ceaptha teasa a bheith mar thoradh orthu faoi 2040([26]) . Dá bhrí sin, d'fhéadfadh meascán de bhearta agus dreasachtaí uaillmhianacha ó CBT, mar aon leis an teicneolaíocht agus an nuálaíocht, laghduithe an-mhór ar astaíochtaí a bhaint amach agus rannchuidiú le sprioc aeráide 2040.

Tá an deis ag na Ballstáit **infheistíochtaí bithgháis agus bithmheatáin** a áireamh ina bpleananna CNR amach anseo agus/nó tacú leo trí chláir náisiúnta eile. Cuireann an Creat Státchabhrach roghanna éagsúla ar fáil freisin le haghaidh tacaíocht den sórt sin. Le suiteáil bithgháis déantar fuinneamh in-athnuaite d'aoileach agus d'iarmhair thalmhaíochta, díleáiteán le haghaidh leasacháin agus i gcásanna áirithe díleáiteán dí-uiscithe in ábhar easrach le haghaidh beostoic. Is féidir an fuinneamh a tháirgtear a úsáid ar an bhfeirm nó a dhíol ar an margadh fiú, go háirithe trí úsáid a bhaint as sásra bithmheatáin an Aontais, agus ar an gcaoi sin ioncam comhlántach a chruthú, athléimneacht agus inmharthanacht ghnó gabháltas talmhaíochta a fheabhsú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus leasacháin shintéiseacha a laghdú an tráth céanna.

Is saintréithe bunriachtanacha de straitéis fhadtéarmach maidir le todhchaí na feirmeoireachta beostoic iad **acmhainní nádúrtha a chosaint ar thruailliú agus sláinte mhaith ithreach a áirithiú.** I bhfianaise a éagsúlachta leithne, bíonn tionchar suntasach ag cleachtais bheostoic áirithe ar an gcomhshaol atá nasctha le seachtrachtaí diúltacha (amhail caillteanais cothaitheach, astaíochtaí aeir...), go háirithe i limistéir ina bhfuil tiúchan ard beostoic, agus cuireann cleachtais eile amhail innilt fhairsing agus feirmeoireacht orgánach go dearfach le bainistiú agus caomhnú an dúlra. Dá bhrí sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil ar bhealach saincheaptha agus i gcomhpháirtíocht le feirmeoirí.

**Is deis é CBT a bheidh ann amach anseo chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo feidhmíocht chomhshaoil níos airde.**

Ba cheart do na Ballstáit comhar a chur chun cinn ar fud an tslabhra luacha agus d'fhéadfaidís tacaíocht a sholáthar, go háirithe i limistéir ina bhfuil dlús ard beostoic, chun feabhas a chur ar bhainistiú aoiligh agus cothaitheach agus chun an brú ar acmhainní nádúrtha a laghdú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na hidirghabhálacha nua atá curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún ina thogra CBT. Tá uirlisí ar fáil do na Ballstáit chun tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do chórais atá bunaithe ar innilt ar bhonn a gcuid riachtanas. Moltar dóibh freisin cur leis an úsáid a bhaintear as barra cumhdaigh, uainíocht éagsúil barr agus foinsí malartacha beatha amhail seachtháirgí agus iarmhair an chórais bia, tacaíocht a dheonú chun acmhainneachtaí stórála aoiligh a mhéadú, agus nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite, i mbonneagar athchúrsála cothaitheach agus i bhfeirmeoireacht bheacht. Tá tacaíocht leanúnach don fheirmeoireacht orgánach tábhachtach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Cuirfidh an Coimisiún, le cúnamh ón Sruth Oibre Beostoic, malartú eolais agus dea-chleachtas chun cinn, agus é mar chuspóir aige **Ardán Beostoic a thógáil ina mbeidh stór cuimsitheach de réitigh chruthaithe** maidir leis an aeráid, an comhshaol agus leas ainmhithe faoi 2027. Leis an stór sin, sainaithneofar bearta maolaithe éifeachtacha, léireofar cuir chuige rathúla ar an bhfeirm, agus cuirfear treoir ar fáil maidir le hionstraimí CBT agus sásraí tacaíochta atá ar fáil chun a nglacadh a éascú.

---

([26]) Meastachán AS AGRI bunaithe ar ríomhanna agus cásanna dílse a dtugtar tuairisc orthu i dtuarascáil ionchais talmhaíochta 2022

Urramaíonn feirmeoirí an Aontais ardchaighdeáin chomhshaoil a leagtar síos i bpíosaí éagsúla reachtaíochta cheana féin, a bhfuil tionchar suntasach ag cuid acu ar oibríochtaí feirmeoirí. **Tá meastóireacht agus tástáil struis á ndéanamh ag an gCoimisiún ar chuid de na rialacha sin i gcomhthéacs iarracht simpliúcháin níos leithne.**

Foilseofar an mheastóireacht ar an **Treoir maidir le Níotráití**([27]) go luath. Mar obair leantach ar an meastóireacht ar an tuarascáil, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit chun dea-chleachtas agus acmhainneacht simpliúcháin a shainaithint maidir le conas feabhas a chur ar bhainistiú cothaitheach ar leibhéal na feirme, ar fheirmeoireacht féilire, ar choimeád taifead agus ar thoirchiú d'fheirmeacha beaga. Beidh sé d'aidhm aige cur chun feidhme na rialacha a bharrfheabhsú agus brúnna teicneolaíochta agus an t-athrú aeráide a léiriú, agus an tráth céanna ualach nach bhfuil gá leis a íoslaghdú agus a áirithiú go mbeidh bearta comhréireach agus éifeachtach chun caighdeáin cháilíochta uisce an Aontais a bhaint amach. Cuirfidh an Coimisiún comhairle ar na Ballstáit maidir leis na féidearthachtaí chun **cur chun feidhme na Treorach a shimpliú, mar shampla le haghaidh cleachtais beostoic inbhuanaithe áirithe agus déanfaidh sé malartú freisin leis an gCoiste um Níotráití maidir leis an tuarascáil mheastóireacht**a.

Tá tástáil struis á déanamh ag an gCoimisiún freisin ar rialacha na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a chomhtháthófar i dtuarascáil atá le teacht faoi dheireadh 2026 agus lena bhféadfar bonn eolais a chur faoi chinntí amach anseo. Leis an togra maidir le dlús a chur le **nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus leis an togra le haghaidh rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil** (2025/0391 (COD)), tugtar aghaidh go páirteach cheana féin ar chuid de na héilimh sheanbhunaithe chun dlús a chur leis an bpróiseas ceadaithe agus chun é a dhéanamh níos intuartha. Tá sé tábhachtach freisin nósanna imeachta ceadaithe a éascú ar bhealach spriocdhírithe chun gabháil leis an athbhreithniú reachtach lena gcuirtear deireadh de réir a chéile le cásanna in earnálacha na mbéaróg agus na muc agus tá údar cuí leis ós rud é go bhfanfadh líon na n-ainmhithe a choinnítear seasmhach i sciobóil oiriúnaithe. **D'fhéadfadh an nuálaíocht ailíniú níos fearr a dhéanamh idir spriocanna comhshaoil agus beogacht talmhaíochta freisin.** San Aontas, ghin feirmeoireacht beostoic níos mó ná 1.4 billiún tona aoiligh gach bliain le linn na tréimhse 2016-2019. Cé go mbaineann aoileach le truailliú nítrigine i réigiúin áirithe, trí úsáid a bhaint as an nuálaíocht, is féidir leis a bheith ina dheis freisin. Féachaint an bhféadfaí gníomh RENURE a leathnú le haghaidh cineálacha áirithe díleáiteán leachtach atá bunaithe ar aoileach le coimircí comhshaoil iomchuí agus cuirfidh sé céad réamh-mheasúnú ar fáil i R3 2026. Ar an gcaoi chéanna, le húsáid díleáiteáin ó bhithdhramhaíl atá le húsáid mar leasacháin nó chun leasacháin bhithbhunaithe eile a tháirgeadh, is féidir teorainn a chur le seachtrachtaí diúltacha beostoic, dáileadh níos fearr bithleasachán ar mhórán carbóin a chumasú, spleáchas ar leasacháin shintéiseacha a laghdú agus neamhspleáchas an Aontais maidir le táirgeadh beatha agus bia a neartú, agus rannchuidiú le táirgeadh fuinnimh intíre (bithmheatán) an tráth céanna. Oibreoidh an Coimisiún chun **úsáid seachtháirgí ainmhithe a éascú** gan caighdeáin sláinte ainmhithe, bia agus sábháilteachta beatha a chur i mbaol agus **déanfaidh sé athbhreithniú ar scrogaill rialála a d'fhéadfadh a bheith ann.**

Príomhghné is ea cothromú spásúil níos fearr agus aistriú cothaitheach ó réigiúin bharrachais go réigiúin easnaimh a chumasú chun úsáid a bharrfheabhsú agus brúnna

([27]) Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú níotráití ó fhoinsí talmhaíochta. IO L 375, 31.12.1991, lgh. 1-8 (ES, DA, DE, EL, EN, FR, IT, NL, PT). ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj

comhshaoil áitiúla a laghdú araon. Ag cur leis an méid sin, forbróidh an Coimisiún, le cúnamh ón **Sruth Oibre Beostoic**, treochlár tiomnaithe chun tacú le cur chun feidhme praiticiúil, lóistíocht a neartú, brú a laghdú, an creat rialála a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ar bhealach comhleanúnach, agus comhleanúnachas rialála, agus cúrsaíocht níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe cothaitheach a chumasú ar fud an Aontais.

### 3.4. Earnáil beostoic a oireann d'éagsúlacht chríochach na hEorpa

**Éilíonn éagsúlacht chríochach na hEorpa córais éagsúla táirgthe beostoic atá saincheaptha do shaintréithe uathúla réigiún éagsúil ar fud na hEorpa.**

Tá ról ríthábhachtach ag an bhfeirmeoireacht beostoic maidir le geilleagair thuaithe a chothú agus maidir le tacú leis an bhfostaíocht ar fud go leor réigiún. Is minic gurb é an t-aon deis eacnamaíoch é i réigiúin áirithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an earnáil i limistéir mhídheisiúla amhail réigiúin shléibhtiúla, limistéir thuaidh, féarthailte agus críocha idirmheánacha agus imeallacha eile ina bhféadfadh táirgeadh barr a bheith deacair nó nach mbeadh chomh brabúsach céanna. Cuidíonn ainmhithe féaraigh le tírdhreacha traidisiúnta a choinneáil ar bun, le rófhás a chosc, le riosca falscaithe a theorannú agus le rannchuidiú le caomhnú na bithéagsúlachta trí ghnáthóga éagsúla a chothú([28]) . Cuidíonn sé leis an daonra a choinneáil i gceantair thuaithe agus laghdaíonn sé an baol go dtréigfear an talamh, rud a d'fhéadfadh díghrádú an chomhshaoil agus cailliúint tírdhreach traidisiúnta a bheith mar thoradh air. Is féidir le samhlacha gnó nuálacha aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá ann faoi láthair trí lárnacht na feirmeoireachta beostoic sna críocha sin a athshlánú.

Tá dlúthnasc idir an laghdú ar fheirmeoireacht beostoic, arna spreagadh ag brabúsacht feirme neamhleor, agus tréigean talún i roinnt mhaith réigiún san Eoraip. Measann JRC([29]) go bhféadfaí thart ar 11% de thalamh talmhaíochta an Aontais a thréigean faoi 2030, agus gur dócha go dtarlóidh beagnach an ceathrú cuid (1,38 milliún ha) den tréigean talmhaíochta uile san Aontas i gceantair shléibhe. Tá impleachtaí suntasacha déimeagrafacha aige sin freisin. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar bhealach comhleanúnach comhtháite, lena n-áirítear trí na beartais a bheidh againn amach anseo maidir le déimeagrafaíocht. Tá acmhainneacht dhochreidte ag ceantair thuaithe a bheith ina **lárionad cumhachta d'athléimneacht, d'fhás inbhuanaithe agus d'ullmhacht na hEorpa.** Trí cheantair thuaithe atá tarraingteach ó thaobh an gheilleagair de agus ar féidir maireachtáil iontu a chruthú, cuideofar le daoine a choinneáil agus a mhealladh, rud a chuirfidh le beogacht fhadtéarmach na réigiún sin.

**Is mó ná riamh an deis chun sócmhainn fhadtéarmach inláimhsithe a dhéanamh de leochaileachtaí tuaithe.** Tá an tAontas ag tabhairt faoi phleanáil níos comhordaithe agus níos comhtháite chun tacú lena fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, agus leas á bhaint aige as CNR mar uirlis phleanála chomhtháite.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun plean a fhorbairt maidir le conas aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na **réigiún agus na gceantar tuaithe atá i mbaol a dtréigthe,** agus an staid shonrach i Réigiún na Teorann Thoir atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine á cur san áireamh.

([28]) *Extensive livestock systems and nature in Europe | Foilseacháin | An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC)*, 7/2026. Luaitear i bhfaisnéisiú EEA go mbraitheann aon trian de ghnáthóga Iarscríbhinn I faoin Treoir maidir le Gnáthóga ar innilt fhairsing

([29]) https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC113718

Is é an aidhm atá ann **táirgeadh inbhuanaithe beostoic a thabhairt ar ais** san áit a mbaineann sé go nádúrtha leis agus tá sé inmhianaithe ar mhaithe leis na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis, agus feidhmíocht réigiún agus pobal níos iomaíche á háirithiú an tráth céanna. D'fhéadfaí an t-aistriú sin a spreagadh trí na gníomhaithe uile is gá a mhealladh chun **slabhra luacha éifeachtach a bheith fréamhaithe i bpobail tuaithe**, ó fheirmeoirí go tomhaltóirí trí sheamlais, próiseálaithe ceardaithe agus margaí áitiúla.

Rannchuideoidh an **Fhaireachlann Eorpach um an Talamh** ([30]) a bheidh ann amach anseo leis an bpróiseas sin trí fhaisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú chun aghaidh a thabhairt ar thréigean talún agus trí dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an anailís ar athruithe ar úsáid talún agus ar bhainistiú inbhuanaithe talún.

Leis an gComhbheartas Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo, tá go leor uirlisí ar fáil do na Ballstáit chun tacaíocht a dhíriú ar limistéir bheostoic leochaileacha. Ba cheart ioncam cúpláilte spriocdhírithe agus tacaíocht do limistéir mhídheisiúla a dhíriú ar na hearnálacha agus ar na limistéir is mó ina bhfuil gá leo. Ceann de na príomhchúraimí a bheidh ann **glúin nua feirmeoirí a mhealladh** i gceantair inar fhág beostoc bearna shóisialta, trí chabhair nuathionscanta, nuálaíocht shóisialta, fiontraíocht agus infheistíocht, beartais rochtana ar thalamh, tacaíocht ioncaim agus dreasachtaí. Mar sin féin, téann an dúshlán thar an méid is féidir le CBT amháin a bhaint amach. Chun slabhraí luacha beostoic atá comhtháite go háitiúil a fhorbairt, tá gá le hinfheistíochtaí comhordaithe i mbonneagar, i saoráidí próiseála, i ndigitiú agus i struchtúir mhargaidh, le tacaíocht ó bheartais shóisialta agus saothair agus, i gcás inarb ábhartha, le tacaíocht phraiticiúil chun cabhrú le feirmeoirí aghaidh a thabhairt ar bhrú a bhaineann leis an bhfiadhúlra.

Sampla amháin a d'fhéadfadh an geilleagar áitiúil a athghiniúint agus, an tráth céanna, leas ainmhithe a fheabhsú is ea infheistíochtaí i seamlais ísealacmhainne agus shoghluaiste i gceantair iargúlta. Tiomnóidh an Coimisiún, le cúnamh ón Sruth Oibre Beostoic, acmhainní sonracha chun **treochlár a fhorbairt maidir le seamlais, ina scrúdófar conas a láithreacht i gceantair thuaithe a chothú, bídís fosaithe nó soghluaiste,** agus leas á bhaint as tionscadail atá maoinithe cheana féin([31]) agus gnéithe leasa ainmhithe á gcur san áireamh.

| |
|---|
| Sampla: **Líonra próiseála áitiúil solúbtha lena ngabhann seamlais ísealacmhainne agus shoghluaiste (samhail athléimneachta slabhra luacha tuaithe). I réigiúin faoi líon beag daoine nó i réigiúin shléibhtiúla, tacaíonn na Ballstáit le córas próiseála hibrideach lena gcomhcheanglaítear saoráidí buana beaga le seamlais shoghluaiste.**<br><br>• Bunaítear comharchumann beostoic réigiúnach, lena gcomhthiomsaítear acmhainní feirmeoirí chun lóistíocht agus sceidealú a bhainistiú. |

([30]) Straitéis maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht. COM/2025/872 final

([31]) Samplaí de thionscadail arna gcistiú faoi CETFT le haghaidh nuálaíocht agus feabhsú leasa ainmhithe in DE: TadeLoS - Onfarm Slaughtering of Cattle without Stress | EU CAP Network agus Fully mobile slaughter unit in Thuringia | EU CAP Network . féach freisin sampla de thionscadal a mhaoinítear faoi H2020 chun teach maraithe soghluaiste a chur chun feidhme sa Fhrainc: Cás praiticiúil: Mobile Slaughter Unit |Líonra CBT an Aontais

- Cómhaoiníonn an Ballstát aonaid mharaithe shoghluaiste, lena n-áirítear seamlais shoghluaiste, a thaistealaíonn idir feirmeacha nó pointí bailithe ainmnithe agus caighdeáin sláinte ainmhithe agus sábháilteachta bia á gcoinneáil an tráth céanna.
- Simpliú agus optamú reachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear le haghaidh clárúcháin agus aitheantais.
- Comhlánaítear é sin le saoráidí beaga gearrtha agus pacáistithe agus le fuarstóráil atá lonnaithe i mbailte tuaithe, arna nuachóiriú le tacaíocht ón Aontas.
- Tá an córas comhtháite i scéim deimhniúcháin cáilíochta lena léirítear barr feabhais an Aontais chun aitheantas agus luach táirgí a threisiú.
- Tugtar isteach uirlisí digiteacha (ardáin áirithinte, córais inrianaitheachta) chun bealaí a bharrfheabhsú, comhlíonadh leasa ainmhithe a áirithiú agus amanna feithimh a laghdú. Le níos mó maraithe áitiúil, feabhsaítear leas ainmhithe a bhuí le hiompar nach bhfuil chomh fada céanna d'ainmhithe beo.

Tá bonneagar digiteach nua-aimseartha ríthábhachtach do tharraingteacht na gceantar tuaithe agus chun feabhas a chur ar an méid a chuireann an fheirmeoireacht bheostoic le slite beatha na tuaithe. Ba cheart do na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí i nascacht leathanbhanda ardluais, 5G, satailíte agus lasmuigh den eangach chun gur féidir teicneolaíochtaí feirmeoireachta cliste, córais chianbhainistithe beostoic agus rochtain ar sheirbhísí ar líne a chur in úsáid.

**Tá an athléimneacht shóisialta ríthábhachtach freisin.** Ní hamháin go mbíonn tionchar ag brúnna ioncaim ar fholláine agus ar mheabhairshláinte fheirmeoirí beostoic an Aontais ach bíonn tionchar ag dálaí oibre diana, uaireanta fada agus leithlisiú sóisialta orthu freisin, go háirithe i gceantair thuaithe níos iargúlta. Dá bhrí sin, tá rochtain ar sheirbhísí athsholáthair agus faoisimh tábhachtach, toisc go gcuireann sé ar chumas feirmeoirí saoire a ghlacadh, i gcás breoiteachta nó freagrachtaí teaghlaigh, agus strus agus traochadh a laghdú. Ba cheart aghaidh a thabhairt go leordhóthanach freisin ar riachtanais agus ar dhifríochtaí inscne-shonracha. Príomhthoisc shóisialta eile is ea forbairt scileanna, agus tá méadú ag teacht ar oiliúint feirmeoirí i leas ainmhithe, i gcleachtais chomhshaoil, in uirlisí digiteacha agus i mbainistiú gnó chun leanúint de bheith athléimneach agus chun oiriúnú d'éilimh athraitheacha beartais agus margaidh. Tá ról na seirbhísí comhairleacha agus na mbeartas forbartha tuaithe ríthábhachtach i ndáil leis sin.

Cuireann acmhainní beatha réigiúnacha feabhas ar athléimneacht, inbhuanaitheacht agus uathriail straitéiseach agus spleáchais ar allmhairí á laghdú an tráth céanna. Trí fhéarthailte, comhtháirgí agus barra próitéine a fhástar san Aontas a chomhtháthú, laghdaíonn na córais sin astaíochtaí, tacaíonn siad le geilleagair thuaithe, agus déanann siad ailíniú le spriocanna an bhithgheilleagair chiorclaigh. Is príomhspreagthaí iad sin do Phlean an Choimisiúin maidir le hathléimneacht, uathriail straitéiseach agus inbhuanaitheacht chóras próitéine an Aontais.

### 3.5. Barr feabhais i dtáirgeadh beostoic

**Tá an cháilíocht ar cheann de shócmhainní straitéiseacha na hEorpa.** I gcomhthéacs ionchais shochaíocha, iomaíocht dhomhanda agus leochaileachtaí críochacha atá ag dul i méid, ní mór don Aontas Eorpach a uaillmhian maidir le barr feabhais i dtáirgeadh beostoic a choinneáil agus a fhorbairt.

Beidh todhchaí earnáil beostoic an Aontais ag brath ní hamháin ar a cumas leanúint de bheith iomaíoch agus athléimneach, ach freisin ar a cumas **an tsamhail táirgthe Eorpach**

**a dhéanamh infheicthe, inchreidte agus tairbheach ó thaobh an gheilleagair de.** Léiríonn sé samhail feirmeoireachta beostoic nach bhfuil bunaithe ar an gcostas is ísle, ach ar chruthú luacha trí dhea-chleachtais, cáilíocht, inbhuanaitheacht, eitic agus freagracht.

Ní mór barr feabhais a thuiscint go leathan, gan a bheith teoranta do tháirgí nideoige nó préimhe. Ba cheart go ndéanfadh sé gach slabhra luacha beostoic agus na samhlacha táirgthe uile a shaintréithriú de réir a chéile. Ba cheart an deis a bheith ag gach feirm bheostoic feidhmiú ar an mbealach is fearr is féidir, feabhas leanúnach a chur orthu, agus aitheantas agus luach saothair a thabhairt do na hiarrachtaí sin leis an margadh agus leis an mbeartas poiblí.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **conair uaillmhianach a fhorbairt chun barr feabhais a bhaint amach i dtáirgeadh beostoic leis an Sruth Oibre Beostoic**. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas an Aontais freisin na nithe a idirdhealaíonn táirgeadh beostoic na hEorpa ó chéile a chur in iúl ar bhealach níos soiléire, laistigh den mhargadh inmheánach agus san iomaíocht dhomhanda araon.

**Is é an chéad tosaíocht feabhas a chur ar aitheantas margaidh agus luachshocrú barr feabhais.** Ní féidir le feirmeoirí caighdeáin uaillmhianacha a chothú ach amháin má thugtar luach saothair eacnamaíoch dóibh. Tá trédhearcacht níos fearr ar fud an bhiashlabhra, lena n-áirítear faisnéis agus lipéadú níos soiléire, fíor-riachtanach. Trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú chun cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus luach tháirgí beostoic an Aontais a aithint.

Gné ríthábhachtach is ea **sainaithint níos soiléire a dhéanamh ar thionscnamh an Aontais.** Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ról thionscnamh an Aontais i margaíocht beostoic a neartú de réir a chéile trí chaighdeáin mhargaíochta, agus iniúchadh á dhéanamh aige ar bhunús dlí leathnaithe faoi Chomheagrú na Margaí. Ar dtús, **cuirfidh sé le rialacha maidir le héineoil** chun cumarsáid tionscnaimh a fheabhsú agus chun ceachtanna a fhoghlaim d'earnálacha eile.

Obair a dhéanamh chun luach a chur ar chaighdeáin níos airde agus ar shaintréithe sonracha tháirgeadh beostoic an Aontais trí théarmaí roghnacha forchoimeádta faoi chomheagrú na margaí talmhaíochta. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí, ar bhonn deonach, **téarma "barr feabhais Eorpach"** a bheadh inaitheanta go soiléir, agus sonraíochtaí rialála ag tacú leis sin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí saintréithe sainithe a chur in iúl ar bhealach inchreidte agus comhchuibhithe. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chritéir amhail táirgeadh ísealcharbóin, cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, úsáid beatha áitiúil, tógáil agus marú, agus ardchaighdeáin leasa ainmhithe. D'fhéadfaí na téarmaí roghnacha forchoimeádta sin a úsáid chun comhlíonadh na gceanglas inbhuanaitheachta arna n-iarraidh ag cistí náisiúnta nó Eorpacha maidir le rochtain ar infheistíochtaí a léiriú, rud a chuirfeadh ar chumas feirmeoirí rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin gan iallach a bheith orthu an fhianaise chéanna a chur isteach arís agus arís eile ('prionsabal na haonuaire').

Breithneoidh an Coimisiún freisin conas is féidir leis na huirlisí atá ann cheana tacú ar bhealach níos fearr le luachshocrú na cáilíochta i dtáirgeadh beostoic, **lena n-áirítear cáilíocht feola.** Tá creat reatha an Aontais maidir le haicmiú conablach bunaithe go príomha ar chritéir chainníochtúla. Cé go n-áirithítear leis teanga choiteann an mhargaidh agus trédhearcacht praghsanna, ní léirítear leis raon iomlán na dtréithe cáilíochta atá ábhartha do thomhaltóirí agus do luachshocrú margaidh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu, ar bhonn deonach, a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí é a fhorbairt a thuilleadh chun saintréithe cáilíochtúla áirithe a áireamh, amhail saintréithe orgánaileipteacha nó

saintréithe an mhodha táirgthe, agus cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí tacú leo sin le téarmaí roghnacha forchoimeádta chun difreáil, cruthú luacha agus aitheantas cáilíochta a fheabhsú.

**Mar dhara tosaíocht, tabharfaidh an Coimisiún infheictheacht níos mó do chórais bheostoic atá leabaithe go críochach.** Bainfidh sé úsáid as **beartas cur chun cinn an Aontais** chun aird a tharraingt ar cháilíocht, inbhuanaitheacht, ardchaighdeáin leasa, go háirithe córais feirmeoireachta atá saor ó chaighin agus táirgeadh uibheacha gan ciondíothú sicíní fireanna, agus ar dhaingniú críochach tháirgí beostoic an Aontais i margaí inmheánacha agus seachtracha araon. Díreofar tacaíocht níos láidre ar chórais a bhfuil dlúthbhaint acu le ceantair thuaithe, rud a fheabhsóidh cumarsáid maidir le breisluach agus a threiseoidh suíomh préimhe i gcás ina bhfuil údar cuí leis.

Chun torthaí margaidh a uasmhéadú, moltar do pháirtithe leasmhara agus do na Ballstáit comhoibriú go háirithe maidir le **brandáil táirgí críochacha** lena nasctar táirgí beostoic le féiniúlacht stairiúil agus saintréithe nádúrtha a réigiún sonrach nó a bpór sonrach; tionscnaimh agra-thurasóireachta agus éagsúlaithe; bainistíocht chomhchoiteann tírdhreacha, chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus tírdhreacha a bhainistiú laistigh d'éiceachórais atá bunaithe ar bheostoc.

Chun tacú leis na hiarrachtaí sin ar scála níos mó, le **Beartas an Aontais um Chur Chun Cinn Talmhaíochta d'fhéadfaí ionú speisialaithe cur chun cinn a thiomnú** lena ndíreofar ar chórais bheostoic atá leabaithe go críochach, rud a chuirfidh dlús lena ndul i bhfód ar an margadh.

Cuireann **an tríú tosaíocht leis an mbeartas cáilíochta atá ag an Aontas cheana**, go háirithe Tásca Geografacha (TGanna) agus táirgeadh orgánach. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt dá nglacadh, dá gcur chun cinn agus dá gcosaint mar eochairuirlisí. Chun na creataí seo a neartú, athbhreithneoidh an Coimisiún na pleananna orgánacha agus gníomhaíochta TG.

## 4. CONCLÚIDÍ

I ngeilleagar domhanda atá ag éirí níos crua, is é freagairt an Aontais cuspóirí na hathléimneachta, an iomaíochais, na hinbhuanaitheachta, an chríochachais agus an bharr feabhais a dhéanamh lena dtreiseofar a chéile mar mhodh Eorpach feirmeoireachta beostoic.

Le straitéis beostoic an Aontais, cuirtear fís chomhtháite i láthair maidir le todhchaí earnáil an bheostoic. Cuireann an Coimisiún insint dhearfach chothrom chun cinn maidir le beostoc, agus aitheantas á thabhairt aige do na dúshláin a bhaineann leis, lena n-áirítear an lorg comhshaoil agus aeráide, agus rannchuidiú na hearnála leis an soláthar bia, leis an bhfostaíocht, leis an gcomhtháthú críochach, leis an mbithéagsúlacht agus le luach cultúrtha.

Neartófar **an athléimneacht** trí iarrachtaí comhordaithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac, an bhithshlándáil a neartú, dul i ngleic le dúshláin shóisialta agus stóinseacht an mhargaidh agus an tslabhra soláthair a fheabhsú.

Feabhsófar **an t-iomaíochas** trí aghaidh a thabhairt ar an mbearna mhaoiniúcháin agus ar staid an bheostoic a bheith ag laghdú i réigiúin áirithe, tríd an nuálaíocht, an digitiú agus an sciliú a chothú agus trí chothroime sa trádáil a áirithiú.

Bainfear **inbhuanaitheacht** amach trí loirg chomhshaoil a laghdú, trí thacú leis an mbithéagsúlacht, agus trí chórais feirmeoireachta chiorclacha atá dírithe ar leas ainmhithe a chur chun cinn lena gcothaítear beogacht na tuaithe.

Aithníonn an **críochachas** tírdhreacha agus dálaí áitiúla éagsúla na hEorpa, rud a chumhachtaíonn glúnta nua feirmeoirí agus a neartaíonn geilleagair réigiúnacha.

I dteannta a chéile, tógfaidh na hiarrachtaí comhordaithe sin ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara creat láidir barr feabhais a thacóidh leis an earnáil beostoic a bheith rathúil le linn iomaíocht dhomhanda.

Le cúnamh ó Shruth Oibre Beostoic, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú ar an dul chun cinn. Trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscnaimh straitéiseacha sin, is féidir leis an earnáil a bheith ag tnúth le todhchaí inbhuanaithe, chothrom agus rathúil.